# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH 2010

**EACNAMÍOCHT BHAILE**

**ARDLEIBHÉAL**

**DÉ hAOINE 18 MEITHEAMH - TRÁTHNÓNA 2.00 - 4.30**

# ROINN B
## (220 MARC)

**TREORACHA d'IARRTHÓIRÍ**

Freagair **4 (CEITHRE)** cheist as an roinn seo.
Tá na ceisteanna uile ar aon mharc.



THALL →

# ROINN B
## 220 MARC

**1.** Tá an t-eolas seo a leanas ar taispeáint ar lipéid d'iasc stánaithe.

***TUINNÍN FAOI SHÁILE***

*Gnáthluachanna per 100g*

| | |
|---|---|
| Fuinneamh | 113kcal |
| Próitéin | 27g |
| Saill | 0.5g |
| Sóidiam | 0.4g |
| Carbaihiodráit | Rian |
| Snáithín | Rian |

***TUINNÍN FAOI OLA***

*Gnáthluachanna per 100g*

| | |
|---|---|
| Fuinneamh | 189kcal |
| Próitéin | 27g |
| Saill | 9g |
| Sóidiam | 0.3g |
| Carbaihiodráit | Rian |
| Snáithín | Rian |

**(a)** **(i)** Déan comparaid idir bialuach tuinnín stánaithe faoi sháile agus luach cothaithe tuinnin stánaithe faoi ola.

**(ii)** Chun béile cothrom a shlánú, mol **dhá** bhia is féidir a dháileadh leis an iasc stánaithe, agus tabhair fáth **amháin** i gcás do rogha de **gach** bia díobh.

**(iii)** Ag cur na dtreoirlínte maidir le hithe sláintiúil san áireamh, cé acu ceann de na héisc stánaithe thuas a dhéanfá a dháileadh ar **(i)** aosach róramhar (murtallach), **(ii)** lúthchleasaí óg agus **(iii)** duine le hardbhrú fola? Tabhair fáth **amháin** i gcás do rogha i **ngach** cás díobh.

**(iv)** Mínigh na téarmaí **(i)** ***rian*** agus **(ii)** ***sáile***.

**(b)** Mínigh cén fáth ar chóir iasc a bheith mar chuid d'aiste bia déagóirí.

**(c)** Déan éisc a rangú, agus tabhair sampla **amháin** de **gach** cinéal díobh.

**2.** **(a)** Tabhair na rialacha ba chóir a leanúint nuair a dhéantar bácáil sa bhaile.

**(b)** Liostaigh **ceithre** chineál plúir a úsáidtear i mbácáil sa bhaile agus mol úsáid dhifriúil do **gach ceann** díobh.

**(c)** **(i)** Ainmnigh **trí** mhodh chun arán nó cístí a dhéanamh agus déan cur síos ar **gach** modh díobh.

**(ii)** Mol úsáid **dhifriúil** le haghaidh **gach** modha atá ainmnithe agat.

**(d)** Ainmnigh **trí** cinn de ghníomhaithe ardúcháin a úsáidtear i mbácáil sa bhaile agus mínigh conas a oibríonn **ceann ar bith** díobh.

**(e)** Mol buntáiste **amháin** agus míbhuntáiste **amháin** a bhaineann le meascán áise aráin nó císte a úsáid.

3. **(a)** Mol **ceithre** chúis go ndéanfaí pacáistiú a úsáid ar earraí.

**(b)** Liostaigh **ceithre** chineál pacáistithe a úsáidtear ar earraí agus mol **dhá** tháirge a bhfuil **gach** cinéal oiriúnach dóibh.

**(c)** Cén t-eolas a mbeadh súil agat é a fháil ar an bpacáistiú ar shicín reoite?

**(d)** Tabhair na míbhuntáistí a bhaineann le pacáistiú ar earraí.

**(e)** Mínigh conas is féidir le tomhaltóirí an pacáistiú ar earraí reoite a dhiúscairt ar shlí atá ***neamhdhíobhálach don timpeallacht***.

4. **(a)** Tabhair breac-chuntas ar fheidhmiú an chórais díleáite.

**(b)** Ainmnigh **cúig** chuid den chóras díleáite.

**(c)** Roghnaigh aon **dá** chuid atá ainmnithe agat agus tabhair breac-chuntas ar an ról a imríonn siad sa díleá.

**(d)** Mol roinnt treoirlínte ba chóir a leanúint chun córas díleáite sláintiúil a fhorbairt.

**(e)** Cad is ***einsímí*** díleáite ann?

5. **(a)** Liostaigh na gnéithe ba chóir a chur san áireamh nuair a bhíonn cistin á pleanáil.

**(b)** Mínigh cad is brí leis an ***triantán oibre***.

**(c)** Mol **ceithre** threoirlíne a bhaineann le sláinte agus le sábháilteacht ba chóir a leanúint sa chistin.

**(d)** **(i)** Liostaigh na míreanna fearais a bhaineann le sábháilteacht dóiteáin a mholfá le haghaidh úsáide sa bhaile.

**(ii)** Conas a mhúchfá dóitéan arbh é friochtán a róthéigh ba chúis leis?

**(e)** Déan cur síos ar an gcóireáil gharchabhrach le haghaidh mion-dó.

6. **(a)** Is féidir snáithíní a rangú in dhá ghrúpa.
Ainmnigh **gach ceann** den dá ghrúpa agus tabhair **dhá** shampla de **gach** grúpa díobh.

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar na céimeanna a bhíonn i gceist i dtáirgeadh olla.

**(c)** Luaigh **dhá** airí inmhianaithe agus **dhá** airí neamhinmhianaithe olla.

**(d)** Luaigh **trí** úsáid dhifriúla d'olann sa bhaile.

**(e)** Cad iad na treoirlínte ba chóir a leanúint nuair a dhéantar geansaí olla
**(i)** a ní agus **(ii)** a thriomú?

Leathanach Bán